Maoiniú faoi chlár LEADER 2023-2027 – Glao 4 2026

Reáchtálfar ceardlanna faisnéise roimh oscailt an chéad ghlao oifigiúil eile ar Léirithe Spéise faoi Chlár LEADER 2023–2027. Is rud éigeantach é do gach iarratasóir ionchasach freastal ar cheann de na ceardlanna sin. .

Dáta	Ionad na Ceardlainne Faisnéise	Am
13/01/2026	Óstán Park, Dún Garbhán X35 CC97	7-8.30pm
14/01/2026	Trá Mhór - An Ionad Náisiúnta um Oiliúint Gardaí Tarrthála (Trá Mhór) X91PY24	7-8.30pm
15/01/2026	Lios Mór -Lios Mór -The Red Hall P51 T9K0	7-8.30pm

Nóta: Cláraigh roimh ré chun áit a fháil ag ceann de na ceardlanna faisnéise.

Tar éis duit freastal ar cheardlann, gheobhaidh tú foirm um Léiriú Spéise nach foláir a chur isteach chuig WLP (Waterford LEADER Partnership) faoi **2:00 p.m. Dé hAoine, 16 Eanáir 2026**. Cuirfear toradh a léirithe spéise in iúl d'iarratasóirí le ríomhphost faoi 12 meán lae Dé Luain, 19 Eanáir 2026.
Ní mór d'iarratasóirí a n-éireoidh leo freastal ar cheardlann faoi iarratais **Dé Máirt, 20 Eanáir 2026, in Óstán Park, Dún Garbhán, ó 10:00 go 11:30 p.m.**

Tabhair do d'aire nach ráthaítear le dul chun cinn go dtí céim an iarratais go gceadófar deontas, toisc go ndéantar maoiniú a bhronnadh trí phróiseas iomaíoch.

€5,000 méid an deontas is lú atá ar fáil agus €200,000 méid an deontas is mó. Féadfaidh cistí suas le 75% de chostas iomlán an tionscadail a chlúdach d'iarratasóirí ó ghrúpaí príobháideacha agus ó ghrúpaí pobail, ag braithe ar an measúnú a dhéanfar ar an tionscadail. Déanfar an ráta deiridh cúnaimh a chinneadh ar bhonn gach cáis faoi leith.

€2,193,606.47 atá sa bhuiséad iomlán do Ghlao 4 2026 don Chlár LEADER 2023–2027.

Is é an spriocdháta d'iarratais ná Dé hAoine, 17 Aibreán 2026, ag 12:00 meán lae. Ní dhéanfar aon bhreithniú ar aighneachtaí déanacha.

Cuspóir Áitiúil	Gníomhaíocht straitéiseach	An clár LEADER 2023-2027	Glao 4 Buiséad
1		Téama 1: Forbairt Eacnamaíoch & Cruthú Poist	€
		Fo-théama 1a. an Geilleagar Glas	
	1.1	Gníomhaíocht straitéiseach: Infheistíocht Chaipitil i dTeicneolaíocht atá ann cheana féin agus i dTeicneolaíocht Nuathionscanta	292,480.47
		Suim iomlán faoi ghníomhaíocht straitéiseach:	292,480.47
	1.2	Gníomhaíocht straitéiseach Athearraíocht abhaint as Foirgnimh Feirme agus Foirgnimh Tionsclaíocha chun Cóiríocht Nideoige a chur ar fáil do Chuairteoirí	380,000.00
		Suim iomlán faoi ghníomhaíocht straitéiseach	380,000.00
		Fothéama 1c Turasóireacht Tuaithe agus Áineas	
	1.3	Gníomhaíocht straitéiseachTacaíocht a thabhairt do Tháirgí Turasóireachta Gníomhaíochta agus iad a fhorbairt	290,000.00
		Suim iomlán faoi ghníomhaíocht straitéiseach:	290,000.00
	1.4	Gníomhaíocht straitéiseach BrúnnaPobail Páirceanna Feithiclí áineasa & Glampáil/Campáil	450,000.00
		Suim iomlán faoi ghníomhaíocht straitéiseach:	450,000.00
	1.5	Gníomhaíocht straitéiseach:Forbairt Táirgí Cultúir & Oidhreachta	200,000.00
		Suim iomlán faoi ghníomhaíocht straitéiseach:	200,000.00
2		Téama 2: Bonneagar Tuaithe & Cuimsiú Sóisialta	
		Fo-théama 2b Seirbhísí Inrochtana	

	2.1	**Gníomhaíocht straitéiseach :Tacaíocht Éascaithe & Forbairt Acmhainneachta do Ghrúpaí Deonacha Nua/GrúpaíDeonacha Bunaithe**	30,000.00
		Suim iomlán faoi ghníomhaíocht straitéiseach:	**30,000.00**
		Fo-théama 2d. An Óige faoin tuath	
	2.2	**Gníomhaíocht Straitéiseach: Tacaíocht maidir le hÁiseanna don aos óg faoin Tuaith chun Rannpháirtíocht agus Idirghníomhaíocht Shóisialta a Spreagadh**	42,254.00
		Suim iomlán faoi ghníomhaíocht straitéiseach:	**42,254.00**
		Fo-théama 2d. An Aos Óg faoin tuath	
	2.3	**Gníomhaíocht straitéiseach: Infheistíocht i 3 Áis Gníomhaíochta Lasmuigh**	200,000.00
		Suim iomlán faoi ghníomhaíocht straitéiseach:	**200,000.00**
3		**Téama 3: Forbairt Inbhuanaithe na Timpeallachta Tuaithe agus Maolú agus Oiriúnú ar Athrú Aeráide**	
		Fo-théama 3a Forbairt Inbhuanaithe na Timpeallachta Tuaithe	
	3.1	**Gníomhaíocht straitéiseach : Tacaíocht do Thionscadail Eiseamláireacha maidir leis an mBithéagsúlacht**	43,872.00
		Suim iomlán faoi ghníomhaíocht straitéiseach:	**43,872.00**
	3.2	**Gníomhaíocht straitéiseach:Forbairt Fuinnimh In-athnuaite**	200,000.00
		Suim iomlán faoi ghníomhaíocht straitéiseach:	**200,000.00**
	3.3	**Gníomh Straitéiseach: Córais bhainistíochta leictreonacha chliste a shuiteáil in áiseanna atá faoi úinéireacht an phobail.**	65,000.00
		Suim iomlán faoi ghníomhaíocht straitéiseach:	**65,000.00**
		Glao 4 Buiséad	**2,193,606.47**